

Marbhna ar Sheaán mac Séamais Mheic Ghearailt (†1582)



Deirdre Nic Chárthaigh

Celtica 33 (2021), 277–294

DOI: 10.58480/SCS-77r56-xw6tg

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.
This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

MARBHNA AR SHEAÁN MAC SÉAMAIS MHEIC GHEARAILT (†1582)¹

ABSTRACT

This article presents an edition and translation of *Truagh sin, a chinn mo chroidhe*, a poem on the beheading of Sir John Fitzgerald of Desmond in 1582. Although anonymous in the manuscript sources, it is suggested here that it may be the work of Donnchadh ‘an tSneachta’ Mac Craith. The poem, which is one of three surviving poems on the Desmond rebellion, signals the downfall of the House of Desmond and laments the end of its patronage of Irish classical poetry. The poet’s vivid portrayal of his patron’s severed head can be read in the context of the violence of conquest and plantation.

CUMADH an marbhna *Truagh sin, a chinn mo chroidhe* ar Sheaán mac Séamais Mheic Ghearailt (deartháir le Gearóid mac Séamais Mheic Ghearailt, 15ú hIarla Deasmhumhan), a maraíodh i gCaisleán Ó Liatháin i mbarúntacht Bharraigh Mhóra i gCo. Chorcaí ag tús na bliana 1582. Labhraíonn an file go díreach lena phátrún (agus lena chloigeann, go háirithe) tríd síos — *a Sheaáin* (9a), *a mh[e]c Iarla learg Luimnig[h]* (6a), *a chinn chaoimhchéile Chuain Dor* (3c), srl. — agus in ainneoin nach luaitear a shloinne, tugtar go leor sonraí sa dán le gur féidir an Gearaltach a aithint.² Ní fios cé a chum an dán, ach tá sé an-chosúil le marbhna eile ar thriúr Gearaltach — Seaán ina measc — a leagtar ar Dhonnchadh ‘an tSneachta’ Mac Craith, agus déanaim amach go mb’fhéidir gurbh eisean a chum an dán seo chomh maith.

Bhí ról lárnach ag Seaán mac Séamais san éirí amach a bhris amach i gCúige Mumhan sa bhliain 1579 faoi stiúir Shéamais mheic Mhuiris Mheic Ghearailt, agus nuair a bhásaigh seisean ghlac Seaán cúraimí ceannasaíochta ar chúrsaí míleata chuige féin. Ós rud é go bhfuil teacht fairsing ar eolas maidir lena ról san éirí amach, is leor achoimre ghairid a thabhairt anseo: bhí bua suntasach aige ar an rialtas i nGort na Tiobraide i gCo. Luimnigh i mí Mheáin Fómhair 1579, ach buadh ar a fhórsaí ag Mainistir an Aonaigh go gairid ina dhiaidh sin; sa bhliain 1580, thaistil sé go Cúige Laighean le tacaíocht a thabhairt don éirí amach a bhí ar siúl ansin faoi stiúir James Eustace agus bhí sé i láthair nuair a bhí bua suntasach ag na reibiliúnaithe i gcoinne fhórsaí na banríona ag Gleann

¹Tá an dán seo á fhoilsiú mar chuid de MACMORRIS, tionscnamh atá faoi stiúir an Ollaimh Patricia Palmer in Ollscoil Mhá Nuad agus atá maoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Táim buíoch d’Eoin Mac Cárthaigh, Mícheál Hoyne, eagarthóirí *Celtica* agus an léitheoir a cheap siad as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar an bpáipéar seo. Mé féin, ar ndóigh, faoi deara gach botún agus dearmad.

²Bhí dul amú ar Sheaán Ó Dálaigh san iarscríbhinn seo a chuir sé le cóip a bhreac sé féin den dán: ‘The above poem is on the death of some John O Neile, son of James O Neill, who was beheaded in Dublin’ (ARÉ 23 E 14 (125), 160).

Molúra i gCo. Chill Mhantáin i mí Lúnasa; rinne sé creachadh ar thailte Iarla Urmhumhan i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach agus ar thailte eile sa chúige sin sular fhill sé ar Chúige Mumhan le tacaíocht a thabhairt don fhórsa a bhí tagtha i dtír in Ard na Caithne i gCo. Chiarraí, áit a raibh bua cinntitheach ag an rialtas.³

In ainneoin gur bronnadh pardún uileghabhálach ar fhormhór mór reibiliúnaithe na Mumhan faoi mhí na Bealtaine 1581, bhí Seaán ina measc siúd nach raibh san áireamh, agus a raibh fórsaí na corónach ar a dtóir i gcónaí.⁴ Is cosúil gur maraíodh i gCaisleán Ó Liatháin é uair éigin ag tús na bliana 1582. Tugtar an tuairisc seo a leanas ar a bhás in *AFM*:

Mac iarla Desmumhan .i. Sean, mac Semais, mic Seain, mic Tómais iarla do thuitim inaisccid lá a easccairdibh, ⁊ aseadh so a fhír amhail do rala dhó, Sean do dhol cethrar marcach do coilltibh Etharlach daccallaimh an bharraigh mhóir baí i ccombáidh fhoghla fris. Dol dó tar Abhainn Mhóir bá dhes i midhmedhón laoi dhobhardha dhuibhchiach. Do rala somh ⁊ captin siuitsi cona chóirighthibh tul i ttul ⁊ aghaidh i n-aghaidh, ⁊ gan aén aca acc iarraidh aroile. Ro gonadh ⁊ ro gabhadh Sean ar an lathair sin, ⁊ ní dheachaidh eadh aén mhíle d'fearann an tan ró écc fó cedóir, ⁊ ro badh faoinbhél fotharsna ro hiomcradh ar a eoch é as sidhe co corcaigh, ⁊ ar rochtain dó don bhaile do rónadh cethramhna comhroinnte de. Ro cuireadh a chend a ccomhardha cosccair go háth cliath, ⁊ muna beith gurab i naghaidh coróna Saxan baof ro badh doiligh díth an deighfhír sin ar a bhucca fri toirbert seód, ⁊ iolmhaoinibh, ⁊ ar a angbaigheacht i n-ionadh fedhma.

‘The son of the Earl of Desmond, i.e. John, the son of James, son of John, son of Thomas the Earl, fell by his enemies, unrevenge. The following is the true account of the manner in which he came by his death. John set out, accompanied by four horsemen, for the woods of Eatharlach, to hold a conference with Barry More, with whom he had entered into a plundering confederacy. He proceeded southwards across the River Avonmore, in the middle of a dark and misty day, and happened to be met, front to front and face to face, by Captain Siuitsi, with his forces, though neither of them was in search of the other. John was [mortally] wounded on the spot, and had not advanced the space of a mile beyond that place when he died. He was carried crosswise on his own steed, with his face downwards, from thence to Cork; and when brought to that town he was cut in quarters, and his head was sent to Dublin as a token of victory. Were it not that he was opposed to the crown of England, the loss of this good man would have been lamentable, on account

³Tá cur síos cuimsitheach ar ról Sheáin san éirí amach ar fáil in Anthony M. McCormack, *The Earldom of Desmond 1463–1583: The Decline and Crisis of a Feudal Lordship* (Baile Átha Cliath, 2005 [athchló 2013]), 62–3; 184–9.

⁴Luadh duais 500l le ceann Sheáin in 1582 sular maraíodh é (*Cal. SP Ire. 1574–1585*, 340).

of his liberality in bestowing jewels and riches, and his valour in the field of conflict.’⁵

Tagann sonraí an chuntais seo, a bheag nó a mhór, le tuairiscí na Sasanach ar an eachtra chéanna. Is mar seo a rinne an scríbhneoir John Hooker cur síos ar mar a thit cúrsaí amach:

sir Iohn of Desmond... he was met withall by capteine Zouch and capteine Dowdall, and by them he receiued his iust reward of a bloudie traitor, and a fréendkiller; being killed and then caried dead to Corke, where his bodie was hanged by the héeles, and his head sent to Dublin, and there set vpon the top of the castle.⁶

D’inis an tiarna Grey de Wilton, fear ionaid na banríona, i litir a scríobh sé chuig Walsingham ag tús na bliana 1582, gur bronnadh ceann Sheaáin air mar bhronnntanas (‘a new year’s gift’).⁷ Nochtar i litir eile a scríobhadh chuig Walsingham ar an 8ú Feabhra go raibh corp Sheaáin ar choimeád i slabhraí i dtúr (‘in chains on a high tower’).⁸ Deimhníonn an méid atá sa dán seo cuid de shonraí na dtaifeadh thuas. Tugtar le fios go raibh Seaán ar bheagán cosanta (ar *bheagán buidhne*, 3b) nuair a casadh *laoich[fh]réimhe Lunndon* air (3d), gur thángthas air agus é *a dteirce s[h]luaig[h]* (4a), agus gur cuireadh a chloigeann ar taispeáint ar *barr gealchuaille* (2c) *a nÁth C[h]liath* (2b).

Tagann an file le AFM sa mhéid is go leagann sé béim ar fhlaithiúlacht an phátrúin chomh maith (6b; 9d), agus tugann sé le tuiscint go gcaitheadh sé go fial leis na filí go háirithe (19c). In ainneoin nach maireann dán ar bith eile a cumadh ar Sheaán go príomha, tá roinnt tagairtí sa chorpas filíochta a thugann le tuiscint gur phátrún flaithiúil a bhí ann. Caointear é i measc *triúr mac Shéamais* [sic] *ó Thráig Lí* (4a) in *Maith an compándach Dán*,⁹ agus is cosúil go bhfuil sé ar an triúr pátrún a chaoineann Conchobhar Ó Dálaigh sa dán *Gabh m’eagnach, a Chú Chonnacht* a chum sé ar Chú Chonnacht Mág Uidhir († 1589): *Bás an trír dá ttucus toil / do chuir misi a ccéin chugaibh; / iomdha lem thiar dá ttoirimh; / triar dob fherr le a n-athoighidh*, ‘The death of the three whom I loved has sent me on a long journey to you; many as well as I in the west lament the three who

⁵AFM v, 1778–9. Sílím gur cheart *do dhol ceathrar marcach* a thuiscint ar an gcaoi seo: ‘accompanied by three [other] horsemen’. (Maidir leis an struchtúr seo, féach Tomás F. O’Rahilly (eag.), *Desiderius, otherwise called Sgáthán an Chrábhaigh* by *Faithrí Ó Maolchonaire* (Baile Átha Cliath, 1941), 245–6). Ba cheart *ro gonadh & ro gabhadh Sean* a aistriú mar ‘John was wounded and captured on the spot’. Tá an dara pointe tábhachtach maidir le sonraí bhás Sheaáin.

⁶John Hooker, ‘The Irish Historie composed and written by Giraldus Cambrensis, and Translated into English... together with the Supplie of the said Historie... vnto 1587’ in Raphael Holinshed (eag.), *Chronicles of England, Scotland and Ireland*, imleabhar 6 (Londain, 1807–8), 459. Féach freisin cuntas ar bhás Sheaáin in Samuel Hayman (eag.), ‘Unpublished Geraldine Documents’, *The Journal of the Historical and Archaeological Association of Ireland*, 1/2 (1896), 356–416, 391. Tugann an dá thuairisc seo le tuiscint nach gan coinne a casadh Mac Gearailt agus fórsaí Zouch ar a chéile, áfach, agus go raibh brathadóireacht agus fealladh i gceist.

⁷Cal. SP Ire. 1574–1585, 340.

⁸Cal. SP Ire. 1574–1585, 349.

⁹Pádraig Breatnach, ‘A poem on the end of patronage’, *Éigse* 31 (1999), 79–88.

were best to visit.’¹⁰ Tá tuilleadh fianaise go mbíodh filí ar cuairt ag Seaán sa mhír seo a leanas sna Stát-Pháipéir:

Item tat the sayde Sir Iohn shall not vse ne keepe within his house
anie irishe Bard, karroghe, or Rymour but toe th uttermost of his
power he hoe to remove them from those partes of Mounster.¹¹

Tá dán amháin eile ar m’eolas a dhéanann tagairt do chúinsí báis Sheaáin. Marbhna seacht rann is fichid is ea *Liaigh mo thuirse tásg mo ríogh*, a cumadh ar an triúr Gearaltach a bhí suas le linn éirí amach Dheasmhumhan: Séamas mac Muiris Mheic Ghearailt (†1579); Seaán ár ndáin-ne; agus Gearóid mac Séamaís, an tIarla (†1583). Leagtar an dán seo ar Dhonnchadh an tSneachta (*Donnchadh an tSneachta cecinit*) i leabhar Uí Chonchobhair Dhuinn (fol. 378v).¹² Is é sin Donnchadh ‘an tSneachta’ Mac Craith – ‘Donnogho McCrahe’ agus ‘Donogh Mac Cragh’ (‘a rhymer’), a ghlac páirt é féin san éirí amach.¹³ Ní leagtar dán ar bith eile air sna lámhscríbhinní. Tugann Mac Craith cuntas ar dhícheannadh na dtriúr Gearaltach – Séamas, Seaán agus Gearóid faoi seach – i rainn dheireanacha an dáin (24–7).¹⁴

24. Terc inmhe da n-anta ris
a cinn tShemuis mic Muiris
nach ttréigfinn ar ttocht ad chenn
ort a ceidhchinn do chaillsem.
25. An dara cenn do chaill me
a-tá ar cúaille a ccúirt Life
cáoi daghchuimsi nfor dhíol linn
do líon th’athuirrsi mh’inntinn.
26. A chinn mo rí[ogh] ráinig soir
ó Shlíabh Lúacra go Lunndoin
do-dhéna mé a chinn mo croidhe
mo ré rinn na heólchuire.
27. Gidhbé do thesg bur ttri ccuirp
a tri cinn do chloinn Geroilt
do líathmhill lí mo dheilbhe
mo trí ciallchinn comhairle. (*ABM* 299)

¹⁰*DMU* 19.4. Tá plé ar an dán seo in Marc Caball, ‘Notes on an Elizabethan Kerry bardic family’, *Ériu* 43 (1992), 177–92, ag 181–2.

¹¹*SP* 63/40, 129 (24 Bealtaine 1573); tugtha in Alan J. Fletcher, *Drama and the Performing Arts in Pre-Cromwellian Ireland: Sources and Documents from the Earliest Times until c. 1642* (Cambridge, 2001), 175.

¹²Níl cóip lámhscríbhinne ar bith eile den dán seo ar m’eolas.

¹³T. F. O’Rahilly, ‘Irish poets, historians and judges in English documents, 1538–1615’, *PRIA* 36 C (Meitheamh, 1922), 86–120, ag 103. Is cosúil gur ghéill Mac Craith i mí Aibreáin 1583 (*Cal. SP Ire. 1574–1585*, 439).

¹⁴Tá neart deacrachtaí téacsúla ag baint leis an gcóip seo den dán. Tugaim an téacs thíos díreach mar atá sé in *ABM*.

‘O head of James fitz Maurice, there is little wealth that I would not exchange for you after coming to meet you, had you stayed with him (.i. on his body), o first head that I lost.

The second head that I lost is staked on a pole in Dublin; a fitting [opportunity to] mourn would not have been enough for me; great sadness over you has filled my mind.¹⁵

O head of my king that went eastwards from Sliabh Luachra to London; I will reach the apex of sorrow ... o beloved head.¹⁶

Whoever has severed your three bodies, o three heads of the descendants of Gerald, has dulled my complexion, my three wise heads of counsel (?).¹⁷

Tá cosúlachtaí soiléire idir dán Dhonnchaidh Mheic Chraith agus *Truagh sin, a chinn mo chroidhe*, idir ábhar agus stíl. Is féidir linn glacadh leis gur cumadh an dá dhán thart ar an am céanna (c. 1582/3), sa cheantar céanna, agus is é an cleas reitricé céanna atá á chleachtadh iontu araon, mar a labhraíonn an file go díreach leis an gcloigeann teasctha arís agus arís eile (*a chinn; mo chinn; a chinn mo chroidhe* srl.). Is díol suntais an blas follasach pearsanta atá ar an dá dhán, agus béim á leagan ar dhólas agus ar chruachas an fhile de dheasca chailliúint a phátrúnachta. In ainneoin nach féidir a chruthú gurbh é Mac Craith a chum *Cia sin a chinn mo chroidhe*, is dóigh liom go bhfuil an fhéidearthacht sin sách láidir. Glacaim leis, ar a laghad, go raibh *Truagh sin a chinn mo chroidhe* ina eiseamláir aige, agus is dóigh liom gur fiú breathnú ar an dá dhán mar phéire.

AN CLOIGEANN SCOITE

Tá *Truagh sin, a chinn mo chroidhe* i measc raidhse dánta a cumadh ag deireadh an séú haois déag agus sa chéad leath den seachtú haois déag agus arb é dícheannadh an phátrúin is príomhthéama dóibh.¹⁸ Tá seans ann gur tháinig borradh faoin téama seo san fhilíocht chlasaiceach i gcomhthéacs

¹⁵Glacaim leis gurb ionann *cúirt Life* agus Caisleán Bhaile Átha Cliath.

¹⁶Tá 26cd doiléir agus ní léir go díreach céard a bhí i gceist ag an bhfile. D’fhéadfaí líon na siollaí in 26c a thabhairt chun rialtachta ach *mo* a fhágáil ar lár agus *a chinn chroidhe* a léamh. Dá léifí *rem* in áit *mo* in 26d d’fhéadfaí an leathrann a léamh mar seo: *Do-déana mé a chinn chroidhe, rem ré, rinn na heolchaire*, ‘o beloved head, before the end of my days I will meet the apex of sorrow’.

¹⁷Tá an t-aistriúchán seo éiginnte ós rud é nach ndéanann *dheilbhe* rinn agus airdrinn le *comhairle*.

¹⁸An dícheannadh is téama do dhá mharbhna a cumadh ar Fhiachaidh mac Aodha Uí Bhroin (†1597) (*Lbranach* 42 agus 43), caointear dícheannadh Aodha Mhéig Uidhir (†1600) i marbhna a cumadh airsean (*ABM* 490), agus caointear ceann Alasdair mheic Shomhairle Mheic Dhomhnaill (†1636) in *Mionn súl Éireann i nÁth Cliath* (in Alexander Macbain agus John Kennedy (eag.), *Reliquiae Celticae* II (Inbhear Nis, 1894), 301–3). An téama céanna atá idir lámha in *Cia na cinn do-chiú an-iar* (*ABM* 97), dán in ógláchas. Tá sampla níos luaithe dá leithéid le fáil in Gordon Ó Riain, ‘A poem on the mutilation of Brian Óg Ó Néill (d. 1449)’, *Éigse* 37, (2010), 92–111. Is le ceiliúradh a dhéanamh ar dhícheannadh a cumadh dán faoi chloigeann teasctha an chlárseora, Diarmaid Ó Cairbre, in 1490 (i gcló in W. J. Watson, *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Dún Éideann, 1937), 96).

fhoréigean na bplandálacha agus an nós a bhí suas ‘airgead cinn’ a bhronnadh ar chinn a baineadh dá gcorp.¹⁹

I rann 11–16 den dán cuireann an file bás Sheaáin i gcomparáid le díothú cúigear ceannaire iomráiteach eile a bhásaigh ar an gcaoi chéanna: Brian Boróimhe agus a mhac, Murchadh (†1014) (rann 11–13); Brian *Chatha Dúin* (.i. Brian Ó Néill, †1260) (rann 14); Seaán mac Cuinn Uí Néill (†1567) (rann 15); agus iarla ónar shíolraigh Seaán *do thuit... sa[n] Droichead* (.i. Tomás mac Séamais Mheic Gheairilt, †1468) (rann 16).²⁰ Trí oidhe Sheaáin a chur i láthair i gcomhthéacs bhás na gcinnirí seo tá a mharú á léiriú ag an bhfile mar éagóir amháin i sraith leanúnach, neamhbhriste d’fhoréigean eachtrannach; léiriú, ar ndóigh, a cheileann castachtaí comhaimseartha na n-eachtraí sin. Tá codarsnacht shoiléir sa dán idir muintir Mheic Gheairilt agus lucht Londain — na *Danaraibh* (17a) — lenar thit na laochra móra a luaitear mar eiseamláirí. Thit Brian agus Murchadh *Le dubhGhalluibh* (13a); rug na *Goill* leo cinn Bhriain agus Sheaáin Uí Néill faoi seach (14b; 15b); agus ba le *Saxanchaibh* a thit Tomás, Iarla Deasmhumhan (16d).²¹ Trí Sheaán a chur i gcomparáid le Gaeil aitheanta ar nós Seaáin Uí Néill agus Briain Bhoróimhe, tá an file ag tabhairt le fios gur gaire na Gearaltaigh do na Gaeil ná do lucht Shasana, murab ionann iad go baileach.

LÁMHSCRÍBHINNÍ

Tá sé chóip lámhscríbhinne den dán seo ar m’eolas. Le cois na gcoipeanna sin, tá a fhios againn go raibh cóip eile den dán — an chóip is luaithe a bhfuil eolas uirthi — i Leabhar Uí Ghadhra (ARÉ LS 23 F 16 (2)) tráth, ach go bhfuil sí siúd ar iarraidh anois. Bhí Feargal Dubh Ó Gadhra O.S.A. i mbun pinn ar an lámhscríbhinn sin idir 1655 agus 1659.²² Tugann clár na lámhscríbhinne le fios gur breacadh ár ndán-na ar leathanach 221 (*Trúagh sin a chinn mo chroidhe*).²³ Tá sé i measc *sgata do dhánta maithe* [ceithre dhán is fiche (as daichead ar fad)] *dó [sic] rugadh as an leabhar chomh luath leis an mbliain 1686*.²⁴

¹⁹Déantar comparáid idir an téama seo san fhilíocht chlasaiceach agus i litríocht na gcoilínithe in Patricia Palmer, ‘“An headlesse Ladie” and “a horses loade of heades”: writing the beheading’, *Renaissance Quarterly*, 60/1 (2007), 25–57.

²⁰Bhí ardán ar leith bainte amach ag bás na gceannairí sin sa litríocht. Féach an plé a dhéantar sna nótaí téacsúla thíos.

²¹Déantar plé ar an téarmaíocht seo in Katharine Simms, ‘The Geraldines and Gaelic culture’ in Peter Crooks and Seán Duffy (eag.), *The Geraldines and Medieval Ireland: The Making of a Myth* (Baile Átha Cliath, 2017), 264–77, ag 273.

²²Tá plé ar Leabhar Uí Ghadhra agus ar a sheachadadh in Pádraig Ó Macháin, ‘“One glimpse of Ireland”: the manuscript of Fr Nicolás (Fearghal Dubh) Ó Ghadhra, OSA’, in Raymond Gillespie and Ruairí Ó hUiginn (eag.), *Irish Europe 1600–1650: Writing and Learning* (Baile Átha Cliath, 2013), 135–62.

²³Tá clár i lámh an scríobhaí ar leathanach vii den lámhscríbhinn.

²⁴ARÉ LS 23 F 16 (2), vi; *RIA Cat.*, 8.

Tugaim cuntas gairid anseo thíos ar na lámhscríbhinní ina maireann cóip den dán:

M (= ARÉ 23 M 27 (17), 267–9): Ba é Eoghan Ó Caoimh a scríobh an lámhscríbhinn seo, a bhí mar chuid de lámhscríbhinn níos faide tráth (ARÉ 23 M 25–34 anois), idir na blianta 1684 agus 1707.²⁵ Má tá leathanaigh na lámhscríbhinn in ord a scríofa, breacadh an dán seo sa bhliain 1684. (Luaitear an bhliain sin ar leathanach 240 agus arís ar leathanach 270). Tá a fhios againn go raibh an lámhscríbhinn mhór sin i seilbh Sheáin Uí Dhálaigh agus ba eisean a roinn sna codanna ina bhfuil sí inniu í. Thras-scríobh sé codanna éagsúla den lámhscríbhinn (féach, mar shampla, E agus A thíos). Tá leagan dioplómaitiúil den chóip den dán atá ar caomhnú in M i gcló in *ABM* (uimh. 484).²⁶

Tá a fhios againn gur shíolraigh ceithre chóip den dán go díreach ó LS M, agus is i lámh Sheáin Uí Dhálaigh atá trí cinn díbh sin:

E (= ARÉ 23 E 14 (125), 160): Ba é Seán Ó Dálaigh a scríobh an lámhscríbhinn seo i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1846.²⁷ Deir sé linn (ar leathanach 161 den lámhscríbhinn) go raibh sé ag cóipeáil ó M agus an chuid den lámhscríbhinn ina bhfuil ár ndán-na inti á scríobh aige: ‘I have copied it from the Rev. Eugene O Keffe’s MS compiled in 1684–6, but the author’s name was not given in the book — John Daly June 25, 1846.’

A (= ARÉ 24 M 43 (639), 17): Scríobh Seán Ó Dálaigh an lámhscríbhinn seo i mBaile Átha Cliath c. 1848–51, agus is cosúil go raibh lámhscríbhinn Uí Chaoimh, M, os a chomhair amach aige.²⁸ Bhí an lámhscríbhinn i seilbh Uí Ghrádaigh go gairid ina dhiaidh sin, agus breacadh a ainm siúd (*S. Aodh Ó Gráda*), mar aon leis an dáta 1854, ar an bhfordhuilleog.

C2 (= Cardiff, Leabharlann na Cathrach C 2 [LS 2.395], 76): Ba é an Seán Ó Dálaigh a bhreac an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1848. Tugann sé le fios gurbh í lámhscríbhinn Uí Chaoimh an eiseamláir a bhí aige — deir sé linn go raibh sé ag cóipeáil ‘From a MS. written by Owen O’Keefe 16th. Die Martii 1684’.²⁹

T (= Torna, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh 45, 43): Ba é *Piarus Móinséal* a scríobh an lámhscríbhinn seo ‘a ndún ar aill’ i gCorcaigh sa bhliain 1814. Baineadh ábhar na lámhscríbhinn seo as lámhscríbhinní ARÉ 23 M 25–34 (= LS M).³⁰

²⁵ *RIA Cat.*, 63. Maidir le hEóghan Ó Caoimh, féach Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850* (Baile Átha Cliath, 1982), 37–8.

²⁶ Tá íomhánna digiteacha den lámhscríbhinn seo ar fáil ag www.isos.dias.ie (rochtain 24 Samhain 2020).

²⁷ *RIA Cat.*, 364–5

²⁸ *RIA Cat.* 1992.

²⁹ Pádraig Ó Riain, *Clár na Lámhscríbhinní Gaeilge sa Bhreatain Bhig* (Baile Átha Cliath, 1968), 61.

³⁰ Pádraig de Brún, *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí: Cnuasach Thorna* (Baile Átha Cliath, 1967), 126–7.

Maireann cóip amháin eile den dán:

C (= Cambridge, Add. 6532, (e) fol. 1r–1v): Is ar bhileog aonair a breacadh an chóip seo den dán, agus is i lámh Standish Hayes O’Grady atá sí.³¹ Ní fios cathain a bhreac an Grádach an chóip seo. Fágadh spás ar barr an leathanaigh, agus shílfeá go raibh sé i gceist ag an scríobhaí teideal a chur leis.

In ainneoin nach bhfuil a fhios againn cén eiseamláir a bhí ag an nGrádach agus cóip C á breacadh aige, is léir go mbaineann sí le traidisiún M. Tá roinnt léamha in M atá aisteach nó a sháraíonn riachtanais mheadarachta an dáin, agus ós rud é go bhfuil na léamha seo i gcóip C chomh maith, is féidir linn glacadh leis nach mbaineann sí le traidisiún neamhspleách. Sna samplaí seo a leanas tugaim léamha M, léamha C agus léamha an eagráin idir lúibíní: 1d M *uait*, C *uait* (= *uaidhe* san eagrán); M *úrdhabha*, C *úrdhabha* (= *urdhubhadh*); 8a M *Fios*, C *Fíos* (= *Fir*); 8d M *chríche*, C *chríche* (= *chríoch*); 11c M *rígh*, C *righ* (= *rí*); 16c M *do chuir*, C *do chuir* (= *torchuir*); 17d M *fhéadfuinn*, C *fhéadfainn* (= *fhéadfam*).³²

Tá a fhios againn go raibh cóip den dán a bhreac an Dálach i seilbh an Ghrádaigh (féach LS A thuas), agus déanaim amach go mb’fhéidir gur cheadaigh sé an lámhscríbhinn sin agus an chóip seo den dán á breacadh aige. Tá léamha áirithe in A agus in C atá beagáinín éagsúil le léamha na bunfhoinse, M. Glacaim leis gur eagarthóireacht na scríobhaithe faoi deara na léamha malartacha sin:

- 2b. M *cionn*; CA *ceann* (is fearr léamh M)
- 3a. M *mana*; CA *muna* (is fearr léamh M)
- 4b. M *do díogladh*; CA *do díoladh* (is fearr léamh M).

Tá roinnt léamha ag C nach bhfuil ag M ná ag A, agus tá an chuma air go raibh an Grádach ag iarraidh deacrachtaí téacsúla na bunfhoinse a thabhairt chun rialtacha:

- 3a. MA *eile*; C *oile* C (is fearr léamh C)
- 3c. MA *dTor*; C *Dor* (is fearr léamh C)
- 8b. M *do chiúmais*; A *do chiúmaois*; C *do chidhmís* (is fearr léamh C (?))
- 17c. MA *dil*; C *geal* [C] (is fearr léamh C (?)).

Déantar iarracht líon na siollaí a thabhairt chun rialtacha i líne dheireanach an dáin in C chomh maith (féach na nótaí téacsúla thíos).

An tuiscint atá agam ar sheachadadh an dáin, más ea, ná gur shíolraigh gach cóip den dán dá bhfuil tagtha anuas chugainn ó LS M; go raibh sí ina eiseamláir ag scríobhaithe A, T, C2 agus E, agus gur shíolraigh C ó cheann de na macleabhair. Déanaim amach nach bhfuil i malartaithe na lámhscríbhinní ach iarrachtaí eagarthóireachta na scríobhaithe. Ní fios cén eiseamláir a bhí ag Ó Caoimh agus

³¹Pádraig de Brún agus Máire Herbert (eag.), *Catalogue of Irish Manuscripts in Cambridge Libraries* (Cambridge, 1986), 65.

³²Tá neamhréireachtaí eile ag baint le rann 17cd (féach na nótaí téacsúla), agus is ionann léamha C agus M.

lámhscríbhinn M á breacadh aige agus níl aon fhianaise ann go raibh teacht aige ar lámhscríbhinn Uí Ghadhra. Tá a fhios againn go raibh leabhar Uí Ghadhra, a scríobhadh ar an mórtáir, ar ais in Éirinn faoin mbliain 1868, ach tá a fhios againn chomh maith go raibh *Truagh sin, a chinn mo chroidhe* ar iarraidh uathí faoin am sin. Is léir, mar sin, gur eiseamláir neamhspleách atá caillte anois a cheadaigh Ó Caoimh.

MEADARACHT

Is sa mheadaracht *deibhidhe*, dán díreach, a cumadh an dán seo. Tá roinnt mhaith deacrachtaí meadarachta ag baint leis an téacs atá tagtha anuas chugainn ach is féidir a bhformhór a réiteach ach coigeartuithe beaga a chur i bhfeidhm.

Tá roinnt samplaí de chomhardadh iomarcach sa dán. Glacaim leis go bhfuil an chomhardadh inmheánach i seoladh 9ab (*chnú : tú*) neamhchlasaiceach. Níl aon deacracht leis an gcomhardadh idir *cheann* agus *cheann* in 12cd ós rud é go bhfuil *claochládh céille* (nó athrú brí) i gceist (féach BST 227f),³³ ach ní heol dom aon chosaint ar an gcomhardadh inmheánach idir *thuit* agus *thuit* in 13b. B'fhéidir gur sampla de bhreacadh é an comhardadh slán idir *ghruadh*, *snuadh* agus *truagh* (6cd) agus idir *cháigh*, *fhuláir*, *cáir* agus *cláir* (10abcd).³⁴

Tugann an dúnadh ag deireadh an dáin (1a *Truagh*, 19d *rothruagh*) le tuiscint go bhfuil príomhchorp an dáin tagtha anuas chugainn.

CÚRSAÍ EAGARTHÓIREACHTA AGUS TEANGA

Tá an dán in eagar agam thíos as LS M, an t-aon fhinné neamhspleách den dán atá ar marthain, go bhfios dom. Tá leagan dioplómaitiúil den chóip sin ar fáil in ABM (299). Is sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach a cumadh an dán, agus glacaim leis gur botúin sheachadta faoi deara deacrachtaí áirithe sa lámhscríbhinn.

Níl áit ar bith a bhfuil séimhiú ar lorg an réamhfhocail shimplí *ar* deimhnithe ag an meadaracht agus cloím le léamha M tríd síos. Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an réamhfhocail *ós* in *ós cionn* (1c; 2a; 10a), agus a choitianta agus atá *ós cionn* i lámhscríbhinní.³⁵ Tá úsáid *re h-* in áit *le h-* coigeartaithe agam in *Le dubhGhalluibh* (13a) i bhfianaise *le Saxanchaibh* (16d) agus *Le Danaraibh* (17a). Úsáidtear *le* agus *re* ar an gcaoi cheart chlasaiceach i ngach áit eile sa dán.³⁶ Níl séimhiú bainte agam den fhorainm réamhfhoclach *dhó* (12a) (*SnaG* IV §13.7).

³³Féach go bhfaightear a leithéid chéanna sa leathrann seo a thugtar mar eiseamláir sna tráchtas: *Cur um chenn do-neth aníogh / an neach as cenn ar Chaisiol* (IGT iii, deismireacht 20), 'He who presides over Cashel might oppose me today'.

³⁴Déantar plé ar an mbreacadh in Cáit Ní Dhomhnaill, *Duanaireacht: Rialacha Meadarachta Philíocht Na mBard* (Baile Átha Cliath, 1975), §§87–103, agus in Tomás Ó Máille, *Breacadh: ornáid ar an duanaireacht* (Baile Átha Cliath, 1973). Tá doiléireacht ag baint go fóill, áfach, leis na rialacha a bhaineann leis an mbreacadh.

³⁵Maidir le séimhiú ar lorg *ós* féach Roibeard Ó Maolalaigh, 'Mutational effects of the preposition *ós*: Bile *ós* Chrannaibh and related matters', *SGS* 30 (2016), 73–111.

³⁶Tabhair faoi deara, áfach, nach féidir formhór mór na samplaí a dheimhniú leis an meadaracht. Deimhnítear úsáid cheart *le* 19d (*leam : fhearr*).

D'fhéadfaí an t-urú ar lorg an ainmfhocail *iath* in *a hiath nÉireann* (14*b*, léamh lámhscríbhinne) a thuiscint mar rian den ainmfhocal neodrach (*SnaG* IV §3.3). Ní bheimis ag súil lena leithéid sa Ghaeilge Chlasaiceach, áfach, agus tá sé bainte amach agam i bhfianaise *a n-iath Iúghoine* (5*b*), cé nach féidir ceachtar sampla a dheimhniú leis an meadaracht. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach uatha firinsneach den chineál a shéimhíonn sa teanga chlasaiceach in *a chéile cláir Chiarraidhe* (10*d*) agus ar ghairmeach firinsneach den chineál a shéimhíonn in *a mh[e]ic shogh rádhaigh S[h]éamuis* (19*b*, agus é sin deimhnithe ag an meadaracht). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg tabharthach uatha in *a ngort g[h]liadh* (13*a*), in *a dteirce s[h]luaig[h]* (4*a*), agus in *a nÁth C[h]liath* (2*b*), i bhfianaise *a nÉirinn fhódbháin* (18*b*), atá deimhnithe ag an meadaracht. B'fhéidir gur cheart séimhiú a chur ar lorg *ar barr* in *ar barr gealchuaille* (2*c*), agus ar lorg *ar bheagan* in *ar bheagán buidhne* (3*b*), ach measaim nach bhfuil go leor fianaise go himmheánach sa dán leis na leasuithe sin a chur i bhfeidhm. Tá urú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach iolra in *tarngaire fhileadh nÉirionn* (7*b*); *a Ghuaire aoidheadh [n]Éireann* (9*d*), agus *a aodhaire chríoch [g]Caisil* (8*d*).³⁷

Cuirtear gutaí meánacha in iúl le síntí fada in amanna sa lámhscríbhinn seo, agus glacaim leis gurb é fuaimniú na bhfocal faoi deara an nós litrithe seo. Tá an litriú tugtha chun rialtachta agam sna cásanna sin: *bárr* > *barr* (2*c*); *tárla* > *tarla* (3*b*; 12*a*).

Is liomsa scaradh na bhfocal agus an phoncaíocht san eagrán. Scaoilim noda i gcló iodálach agus tá litreacha breise curtha ar fáil agam idir lúibíní cearnacha.³⁸ Tá suíomh síntí fada laistigh de shiollaí tugtha chun rialtachta agam, agus tá síntí fada atá in easnamh curtha ar fáil agam le macrain. Déanaim normalú ar na nithe seo a leanas:

- cc- > gc- (2*a*: cceann > gceann)
- tt- > dt- (4*a*: tteirce > dteirce).

Tugaim léamha eile ag bun an leathanaigh. Cé nach dtugaim léamha malartacha na gcóipeanna éagsúla den dán (ós rud é go síolraíonn siad ar fad ó LS M), pléim cuid de choigeartuithe na scríobhaithe sna nótaí téacsúla.

³⁷D'fhéadfaí an chéad dá shampla a fhágáil lom, agus *fhileadh* agus *aoidheadh* a léamh mar ghinideach uatha seachas mar ghinideach iolra. Féach na nótaí téacsúla.

³⁸Is mar *ead* agus *eid* a scaoilim an tsiombail *et*, de réir mar is cuí. (Is mar *edh* a scaoilim an tsiombail chéanna (shéimhithe) i gcás léamh lámhscríbhinne 7*b* ós rud é nach léir céard a bhí i gceist agus ós rud é go dteastaíonn coigeartú san eagrán).

TÉACS

1. Truagh sin, a chinn mo chroidhe,
lór dúinn d'adhbhar eólchuire,
mur taoi *ar* cuaille ós cionn Danar,
si[o]nn uaidhe fa urdhubhadh.
2. Tú ós cionn na gceann oile
a nÁth C[h]liath — cúis eólchaire —
ar barr gealchuaille, a ghrádh ban,
crádh le mearchuaine Mumhan.
3. Mana *tru*aighe táinig de;
tarla tú *ar* bheagán buidhne,
a chinn chaoimhchéile Chuain Dor,
re cruaidh laoich[fh]réimhe Lunndon.
4. Ó fríoth tusa a dteirce s[h]luaig[h],
do díoghladh ort re haonuair,
gér mhór linn, t'éachta uile,
a chinn bréagtha banchuire.
5. Uaigneas aonlaoi riamh roimhe
níor chleacht tú a n-iath Iúghoine;
a bhranáin fa bhfoil gach fear,
t'fhagháil mar s[o]in níor saoiléadh.

AISTRIÚCHÁN

1. It is sad, my beloved head, how you are [staked] upon a spike above foreigners;
it is a cause of great sorrow for me; it has me under [a cloud of] grief.
2. It is a cause of grief that you, o beloved of women, are [displayed] above the
other [severed] heads at the top of a bright spike in Dublin; it torments the swift
warriors of Munster.
3. It was a portent of woe that you had [only] a small escort when you encountered
the severity of the warriors of London, o head of the sweet spouse of Glandore.
4. When you were found with a small escort, you were avenged at once for all your
feats, though I deemed [them] wonderful, o head who enticed women.
5. Never before that had you experienced a single day's solitude in the land of
Iúghaine; nobody imagined that you would be found like that, o king-piece
surrounded by pawns.

MALAIRTÍ

1 *b* dádbhar; *d* uait, fá, úrdhabha.

2 *a* eile; *c* bárr; *d* lé, múmhan.

3 *a* táinig; *b* tarla, buídhne; *c* Dtor; *d* ré.

4 *b* ré.

5 *c* fá; bhfuil.

6. A mh[ei]c Iarla learg Luimnig[h]
nár dhiúlt aon fa a[th]chuinghidh,
a ghruadh ronáir ar snuadh sugh,
as truagh t'fhogháil at uathadh.
7. Duit do gheallsad fiadh na bhFionn,
tarngaire fhileadh nÉirionn
fá-ríor ní thánaig as-teach,
dá bhrí[o]gh a-támuid tuirseach.
8. Fir Mhumhan dod thig[h] ag teacht
do-chímis uile a n-aoinfheacht;
gé fríoth gan aonduine ibh,
a aodhaire chríoch [g]Caisil.
9. A Sheaáin, a chnú chroidhe,
do bhreághnaigh tú an tarngaire,
níor saoilleadh cuaille tréd cheann,
a Ghuaire aoidheadh [n]Éireann.
10. Do cheann do chur ós cionn cháigh,
ag so an fáth as nár bh f[h]Juláir:
fúibh budh cáir Éire uile
a chéile cláir Chiarraidhe.

6. O son of the Earl of the hillsides of Limerick who never refused anyone in regard to request; o modest cheek on a rosy complexion, it is sad that you were found alone.
7. They promised you [the sovereignty of] Ireland; alas the prophecy of the poets of Ireland did not come to pass, and so, we are despondent.
8. I used to see all the men of Munster coming to your house together, [and] yet you were found alone, o shepherd of the lands of Cashel.
9. O beloved Seaán, you have disproved the prophecy; nobody imagined a stake through your head, o Guaire of the visiting poets of Ireland.
10. This is the reason your head had to be displayed above all the others: you were due the leadership of all of Ireland, o spouse of the plain of Kerry.

6 **b** fá; **c** rónár; **d** tfhágáil, ad, huathadh.

7 **a** faid (fiadh ar imeall an leathanaigh); **b** tarrngredh, éireonn; **c** tháinig; **d** túirseach.

8 **a** fios, Múmhan, dod] ad; **b** do chiúmais; **d** chríche.

9 **a** Chsheaín; **b** bhreághnaidh, tarrngaire; **c** síleadh.

10 **a** cáich; **c** cóir; **d** cláir Clái; Ciarrauidhe.

11. Ní chluinim, ní chuala sinn,
do chomhmór d'éacht a nÉirinn,
acht rí na nGaidheal, Brian Breagh;
tiar do caoineadh an céidfhear.
12. Ionann tarla dhó agus duit;
do bheansad Goill — gníomh ord[h]ruic; —
cur 'na cheann riamh ní raibhe —
a cheann do Bhrian Bhóroimhe.
13. Le dubhGhalluibh a ngort g[h]liadh,
do thuit mur do thuit ríghBhrian
— a chneas seangmhalla, a ghlac ghlan —
a mhac meardhána, Murchadh.
14. Brian Chatha Dúin, deimhin leam,
rugsad Goill a hiath Éireann
a cheann tar a[n] sáile soir;
bráighe dob fhearr a nUltaibh.
15. Ceann Seaáin neartmhuir Í Nēill,
rugsad Goill — anba an oilbhéim —
go hÁth Cliath na Midhe a-mach,
do sgiath tighe na Teamhrac[h].

11. I do not hear, and have not heard, of so terrible a slaying in Ireland as yours, save for the king of the Gaels, Brian of Breagha; that first man was mourned in the west.
12. The same thing befell him that has befallen you; the foreigners beheaded Brian Boru — a notorious deed! — he was never opposed.
13. Just as royal Brian fell, his swift, bold son Murchadh fell at the hands of the Danes in a field of battle, o slender and noble body, o smooth hand.
14. Brian of the Battle of Down, I am certain [that] the foreigners took his head from the land of Ireland eastwards over the sea; he was the finest hostage in Ulster.
15. The foreigners carried the head of the powerful Shane O'Neill away from the protection of the house of Tara to Dublin of Meath and beyond; it was a great wrongdoing.

11 *b* chómhmór; *c* ~~acht~~ *roide* ~~n~~ *acht* rígh.

12 *a* *tárla*.

13 *a* *Ré*.

14 *a* *leamh*; *b* *rugsadh*, *nÉireann*; *d* *brágha*, a *nUltaibh*] an *olltaibh*.

15 *a* *tsheaín*, *hÍ*; *c* *mídhe*; *d* *tíghe*.

16. *Iarla ordhruic dot fhuil féin*
sa[n] Droichead, a dhreach mhínréidh,
— giodh gar duit an té torchuir —
do thuit sé le Saxanchaibh.
17. *Le Danaraibh, deimhin leam,*
ar thuit d'uaislibh fhear nÉireann,
fearann fo[i]nnmhín géagthrom geal,
ní fhéadfam uile a n-áireamh.
18. *Dá mairtheá, do mhaithfinn dáibh*
ar thuit a nÉirinn fhódbháin;
budh bean gan c[h]oimdhe críoch Bhreagh,
doilg[h]e do dhí[o]th fa dheireadh.
19. *Do cheann ar cuaille, a chruth thais,*
a mh[e]ic shoghrádaigh S[h]éamuis,
a lámh dob fhearr ar dhíol duan;
[ní] leam fá-ríor nac[h] rothruagh.
16. A famous Earl from your own bloodline, o soft and smooth countenance — although you were a close kinsman of the one who fell — he [too] was killed at the hands of the English in Drogheda.
17. I am sure I will not be able to enumerate all the nobles of the men of Ireland, the bright land of smooth soil and heavy branches (?), who fell at the hands of the foreigners.
18. Had you survived I would forgive them all who fell in Ireland of the bright soil; Ireland will [now] be a woman without protection; losing you is all the more difficult in the end.
19. Your head on a stake, o smooth form, o beloved son of James, o hand that was best for rewarding poems, is, alas, a great pity for me.

16 *a* dod tfuil; *c* gé, torchuir] do chuir; *d* lé.

17 *a* lé; *b* bhfear; *c* geal] dil, *d* fhéadfuinn.

18 *c* gan] gacha; *d* fá.

19 *b* soghrádaicc; *c* fheárr; *d* róthruagh.

NÓTAÍ

1d. Tá siolla in easnamh sa líne seo sna lámhscríbhinní agus tá comhardadh inmheánach de dhíth. Moltar an léamh *uaidhe* (: *cuaille*) in áit *uait* in *ABM* agus tá an coigeartú sin curtha i bhfeidhm anseo agam. Glacaim leis go ndéanann an forainm firinsneach uatha tagairt do *adhbhar* (1b).

2a. Tabhair faoi deara nach mbáitear na gutaí fada in *Tú* agus *ós*. Ní sháraíonn sé seo rialacha meadarachta an dáin dhírigh, agus rogha ag an bhfile gutaí fada a bhá nó gan iad a bhá (Cáit Ní Dhomhnaill, *Duanaireacht: Rialacha Meadarachta Fhilíocht na mBard* (Baile Átha Cliath, 1975), §59).

3c. Tá Cuan Dor ('Glandore') i bparóiste Chill Fachna Bheag i mbarúntacht Chairbhrigh Thoir in iarthar Chorcaigh (*Onom.* s.v. *cuan dor*). B'fhéidir gur tagairt é seo do bhean chéile an phátrúin. Is cosúil gur phós Seaán Eileanóir, inghean Taidhg Mheic Chárthaigh Mhúscraí sa bhliain 1577 (James Graves, 'No. 2. The Earls of Desmond', *The Journal of the Historical and Archaeological Association of Ireland, 1869*, imleabhar 1, uimh. 2 (1869), 459–98).

5ab. Leagtar béim síos tríd an dán seo ar an gcodarsnacht idir aonaracht an phátrúin ar uair a bháis agus an comhluadar a choinníodh sé agus é beo (féach freisin 3a; 4a; 6d; 8). Is fiú comparáid a dhéanamh idir an leathrann seo agus na leathrainn seo a leanas as dán gairid ar Aodh Mág Uidhir (†1600): *Úaigneac sin a chenn Áodha / sibh at áonur dob annamh* (*ABM* 490.1ab); 'It is lonely, o head of Aodha, you were seldom alone'; *a chinn-sí a coirp mo croidhe / tú nír minic go húaigneac[h]* (10cd); 'o my beloved head and corpse, you were seldom alone'. Tá cosúlachtaí eile idir an dán seo agus *Truagh sin, a chinn mo chroidhe* (féach n. 5d thíos), agus déanaim amach go mb'fhéidir go raibh an file ag tarraingt ar ár ndáin-ne.

5c. D'fhéadfaí *fa* a léamh mar *under* agus an leathrann a thuiscint mar seo 'o king-piece who is above all other men'.

6a. Tagairt é seo do Shéamas (mac Seaáin) Mac Gearailt, 14ú hIarla Deasmhumhan († 1558). Bhí tailte ag an Iarla in oirthear Luimnigh (féach McCormack, *The Earldom of Desmond*, 34).

6c. Bheimis ag súil le *subh* in áit *sugh* go stairiúil (*eDIL* s.v. *sub*), ach cloím leis an léamh lámhscríbhinne agus a choitianta is a fhaightear an litriú *sugh*. Ba litriúla 'the colour of berries' seachas 'a rosy complexion'.

7ab. Luaitear tairngreachtaí faoi dhó sa dán seo (féach freisin 9ab) agus ba mhinic tagairtí dá leithéid i ndánta molta. Féach, mar shampla, na rainn seo as *Cia as sine ó cheart Chríoch Néill*, dán ar Shéamas mac Muiris Mheic Ghearailt: *Do thairngir fáidh fada ó shoin / go dtiocfadh don treibh Ghréagaigh / sgaoilfeas moircheas chlann gCrimhthain / Gall fhóirfeas ar Éireannchaibh* 'Long ago a prophet foretold that there would come from the Greek tribe a foreigner who will rescue the Irish [and] release the race of

Criomhthan from their great oppression.’ (Eoghan Ó Raghallaigh, ‘Poems from the Nugent manuscript’, trácchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide (2008), 128).

7b. Bheadh *tairngire* go breá chomh maith (*IGT* ii §3), ach féach rann 9, mar a dteastaíonn an leagan leathan *tarngaire* (: *chroidhe*).

7c. Maidir le *ní thánaig as-teach*, féach *eDIL* s.v. *do-icc* II (d). Tá roinnt samplaí den bhriathar in úsáid i gcomhthéacs *tairngire*: *tú shaoilid do sheannámhaid / do chur an tairngire asteach*, ‘it is to thee thine ancient rivals look to fulfil the prophecy’ (*TD* 27.36bc); *tig as-teach mar do thairngear [léigh thairgir]* (*ABM* 317.23a); ‘what you prophesised came to pass.’

8ab. Ní léir dom céard is brí le léamh lámhscríbhíne an leathrainn seo (*Fios Múman ad tig ag theacht / do chiúmais uile a naoinfheacht*), agus glacaim leis go bhfuil sé truaillithe. Leanann an leasú ó *Fios* go *Fir* moladh *ABM* (agus níorbh ionadh na litreacha *s* agus *r* á measctha agus an téacs á sheachadadh). Tá *ad thigh* ‘in your house’ coigeartaithe agam chuig *dod thigh* ‘to your house’ óir b’ait liom *ciall chomhnaidhe* anseo (féach *SnaG* IV §10.1; *ABP* 661–7). Moltar *ciumhais* a choigeartú go *ciúnais* in *ABM* (‘coming together in silence’), ach déanaim amach gur cheart *do-chímis* a léamh (ag leanúint cóip C). Maidir leis an íomhá atá á cur chun cinn anseo féach *5ab* (& nóta).

8d. Tá an léamh *chríche* coigeartaithe agam go *chríoch* (: *fríoth*) le comhardadh inmheánach a chur ar fáil.

9c. Tá an léamh lámhscríbhíne *síleadh* coigeartaithe agam go *saoileadh* (: *aoidheadh*) leis an meadaracht a thabhairt chun rialtachta.

10c. Ba litriúla ‘all of Ireland should be beneath you’ mar aistriúchán.

13a. D’fhéadfaí cloí leis an léamh lámhscríbhíne *Re dubhGhalluibh* agus é a thuiscint mar seo: ‘[fighting] against the Danes’.

13c. Glacaim leis gur ag labhairt lena phátrún féin arís atá an file sa cheathrú seo.

13d. Baineadh a cheann de Mhurchadh, mac Bhriain Bhoróimhe, i gCath Chluana Tarbh. Tá tagairtí do bhás Bhriain agus Mhurchaidh sách coitianta san fhilíocht chlasaiceach (féach, mar shampla, *ABM* 279 agus 364).

14a. Maraíodh Brian Ó Néill ag Cath an Dúin sa bhliain 1260. Tugtar an cuntas seo a leanas ar a bhás sna hannála: *Brien O Neyll, rí Kenal Eógín, da tugsat Gédil bragdi, 7 na tug kys na káyn do rí Sagsan, do marbad da Gédelib fen 7 do ní de Gallib*, ‘Brian Ó Néill, king of Cenél Eógain, to whom the Gaedil gave hostages, and who paid neither tax nor tribute to the king of England, was slain by the Gaedil themselves and by some of the foreigners’ (*AI*, 360–1). Déantar trácht ar bhás Bhriain sa dán *Díleas breath do bheireith le seibh*, ina dtugtar le tuiscint go raibh Aodh Buidh Ó Néill ina measc siúd a chur ina choinne (*AthD* 17, rann 22–7).

14d. Tá an léamh lámhscríbhinne *brágha* coigeartaithe agam go *bráighe* le comhardadh slán a chur ar fáil (: *sáile*). Ceadáítear an dá fhoirm in *IGT* ii (§131).

15. Is é Seaán Ó Néill (†1567) an t-aon cheannaire comhaimseartha i gcatalóg chorpán an fhile, agus cé nach eol dom dán ar bith eile ina bhfuil a bhás-sa ina ábhar apalóige, is iomaí tagairt a dhéantar dó i litríocht na tréimhse. Is é is cúla, más fíor, do leaganacha athmhúnlaithe de thrí téacs próis a cumadh do Mhuintir Mheic Dhomhnaill (féach, mar shampla, Caoimhín Breatnach, ‘The murder of Shane O’Neill: *Oidheadh Chuinn Chéadchathaigh*’, *Ériu* 43 (1992), 159–75. Déantar plé san alt seo ar lámh mhuintir Mheic Dhomhnaill i mbás Sheáin).

16a. Eachtra suntasach i stair Ghearltaigh na Mumhan ab ea marú Thomáis mheic Shéamais Mheic Gheairilt, 8ú hIarla Deasmhumhan. Chaith Tomás tréimhse ina fhear ionaid de cuid an rialtais, agus cuireadh chun báis gan choinne é sa bhliain 1468. Chuir an eachtra seo tús le droch-chaidreamh fadtéarmach idir Gearltaigh Dheasmhumhan agus an choróin (McCormack, *The Earldom of Desmond*, 58–61; Katharine Simms, *Gaelic Ulster in the Middle Ages: History, Culture and Society* (Baile Átha Cliath, 2020), 190–1). Luaitear bás Thomáis mar ábhar comparáide in *Ní bean aonothruis Éire*, marbhna ar Thomás Óg Mac Muiris (†1630) a leagtar ar Dhonnchadh Riabhach Ó Dálaigh (*ABM* 358).

16b. Is ionann ‘An Droichead’ agus Droichead Átha (*Onom.* s.v. *drochat*). Is ansin a cuireadh Tomás mac Séamais Mac Gearailt chun báis.

16c. Tá uaim in easnamh sa léamh lámhscríbhinní *an té do chuir*, agus cloím leis an gcoigeartú a mholtar in *ABM*; *an té torchuir* ‘the one who fell’. Maidir le séimhiú na coibhneastachta a bheith ar iarraidh, féach *SnaG* IV §7.32.

17cd. Tá roinnt mhaith deacrachtaí ag baint leis an leathrann seo ó thaobh na meadarachta de. Tá uaim in easnamh i 17c agus glacaim le moladh *ABM dil* a choigeartú go *geal* (°*géagthrom*) (: *n-áireamh*). Tá an léamh seo ag an nGrádach i lámhscríbhinn C. Glacaim le moladh *ABM fhéadfuinn* a choigeartú go *fhéadfam* (: *géagthrom*). Ach féach go bhfágann na coigeartaithe sin *foinnmhín* agus *uile* gan céilí cuibhis go fóill agus, dá bhrí sin, ní féidir brath ar an téacs. Tá comhartha ceiste agam san aistriúchán leis an éiginnteacht sin a chur in iúl.

18c. Tá *gacha* coigeartaithe agam go *gan* le líon na siollaí a thabhairt chun rialtachta agus is fearr, go deimhin, a thagann *gan* le brí na líne.

19d. Tá siolla amháin in easnamh ar an líne seo i lámhscríbhinn M, agus leanann an coigeartú léamh C. Ní ritheann réiteach ar bith eile liom.

GIORRÚCHÁIN

<i>AithD</i>	Lambert McKenna (eag.), <i>Aithdioghluim Dána</i> , 2 imleabhar (Baile Átha Cliath, 1939; 1940).
<i>ARÉ</i>	(= <i>RIA</i>) Acadamh Ríoga na hÉireann.
<i>Cal. SP Ire.</i>	<i>Calendar of the State Papers Relating to Ireland of the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary and Elizabeth, Preserved in the State Paper Department of Her Majesty's Public Record Office</i> , 2 imleabhar (London, 1867–1912).
<i>DMU</i>	David Greene (eag.), <i>Duanaire Mhéig Uidhir: The Poem Book of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh 1566–1589</i> (Dublin, 1972).
<i>LBranch</i>	Seán Mac Airt (eag.), <i>Leabhar Branch: The Book of the O'Byrnes</i> (Baile Átha Cliath, 1944).
<i>Onom.</i>	Edmund Hogan, <i>Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes</i> (Baile Átha Cliath, 1910). Tá leagan digiteach Dhonnchadh Uí Chorráin ar fáil ag www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/ (rochtain 6 Lúnasa 2021).
<i>RIA Cat.</i>	<i>Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy</i> (Baile Átha Cliath, 1926–70).
<i>SP 63</i>	<i>State Papers Ireland, Elizabeth I to George III, 1558–1782</i> (The National Archives, Kew).
<i>TD</i>	Eleanor Knott (eag.), <i>The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)</i> , 2 imleabhar (Londain 1922; 1926).

DEIRDRE NIC CHÁRTHAIGH

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath